# A Thuismitheoirí! An bhfuil múisc nó buinneach ar do ghasúr?

**Cloígh leis an Riail**

An rud is tábhachtaí ná go gcaithfidh gasúr fanacht sa mbaile ar feadh 48 uair a chloig taréis babhta múisce nó buinnigh

Nigh do lámha go maith agus go minic, agus tar éis clúidín a athrú nó do ghasúr a thabhairt chuig an leithreas ach go háirithe

An rud is tábhachtaí ná do ghasúr agus na gasúir eile agus foireann an naíonra a choinneáil slán

I dtosach na haicíde is fusa í a leigheas

*"Má tá buinneach go tiubh nó múisc ar do ghasúr sa mbaile fanadh sé dhá lá go cluthar"*

## Cad chuige ar chóir duit cloí leis an Riail:

- Is iomaí cúis a bhíonn le múisc agus buinneach. Cuireann siad as do ghasúir agus dá muintir, ach is féidir le frídíní VTEC (ionfabhtú contúirteach E. coli), drochbhail a chur ar dhaoine.
- Faightear buinneach ó fhrídíní VTEC. Cliseann duán gasúr as chuile 10 a tholgann VTEC.
- Má fhaigheann do ghasúr VTEC d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an fhoireann sa Rannóg Sláinte Poiblí ordú dóibh fanacht glan ar áis chúram leanaí ar feadh breis agus 48 uair a chloig.
- Má bhriseann ráig VTEC amach in áis chúram leanaí d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an Rannóg Sláinte Poiblí an áis sin a dhúnadh go sealadach.

Eanáir 2019